Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 5 Samhain 2025**
**(OR. en)**

**12559/1/25**
**REV 1**

**EF 281**
**ECOFIN 1136**
**DELACT 124**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 3 Meán Fómhair 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2025) 3801 final/2 |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN an 3.11.2025 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1818 a mhéid a bhaineann leis an sainmhíniú ar airm thoirmiscthe |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2025) 3801 final/2.

---

Faoi iamh: C(2025) 3801 final/2

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 3.11.2025
C(2025) 3801 final/2

ADDENDUM
This document corrects document C(2025) 3801 final of 28.8.2025.
Concerns all language versions.
Insertion of the reference to the linked Staff Working Document SWD(2025) 820 final.
The text shall read as follows:

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 3.11.2025**

**lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1818 a mhéid a bhaineann leis an sainmhíniú ar airm thoirmiscthe**

{SWD(2025) 820 final}

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Sa Pháipéar Bán maidir le hUllmhacht Cosanta na hEorpa 2030 leagtar amach plean le haghaidh Thionscnamh ReArm Europe 2030, ar pacáiste cosanta é lena soláthraítear luamháin airgeadais do na Ballstáit chun borradh infheistíochta i gcumais chosanta a spreagadh. I measc phríomhchuspóirí an phlean tá an gnó a dhéanamh níos éasca agus an Margadh Aonair a dhoimhniú. Tá sé práinneach dlús a chur le hullmhacht cosanta na hEorpa chun a áirithiú go mbeidh seasamh cosanta Eorpach láidir leordhóthanach ag an Eoraip faoi 2030 ar a dhéanaí. Ar bhonn na réamh-mheastachán maidir le glacadh de réir a chéile na n-ionstraimí atá beartaithe faoin bPlean ReArm Europe, d'fhéadfadh infheistíocht cosanta thart ar EUR 800 billiún a bhaint amach sna 4 bliana amach romhainn. An 6 Márta 2025, d'iarr an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún leanúint den obair go pras maidir leis an gcreat dlíthiúil agus riaracháin a shimpliú, a mhéid a bhaineann le soláthar poiblí, comhar na hearnála tionsclaíochta, ceanglais deonaithe ceadanna agus ceanglais tuairiscithe, chun aghaidh a thabhairt ar na bacainní agus na scrogaill uile a chuireann bac ar bhorradh tapa a chur faoin tionscal cosanta. Tá an leasú spriocdhírithe sin ar an Rialachán Tarmligthe maidir le tagarmharcanna airgeadais inbhuanaithe ina chuid den iarracht sin maidir le soiléiriú agus simpliú.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

Chun cosaint na hEorpa a atógáil is gá infheistiú ollmhór a dhéanamh thar thréimhse fhada, infheistiú poiblí agus príobháideach araon. Bhí an próiseas comhairliúcháin le páirtithe leasmhara cuimsitheach, ar próiseas é ina raibh suirbhé poiblí a bhí ar oscailt go dtí an 22 Aibreán 2025, chomh maith le sraith cruinnithe spriocdhírithe leis na Ballstáit, le hionadaithe gnó ábhartha ón Aontas agus le príomhpháirtithe leasmhara eile. Go sonrach, de bhreis ar an gcomhairliúchán poiblí oscailte sin, bhailigh seirbhísí an Choimisiúin sonraí, fianaise agus moltaí ó na Ballstáit, ón earnáil tionsclaíochta agus ó pháirtithe leasmhara eile maidir le bacainní dlíthiúla, rialála agus riaracháin lena gcuirtear srian ar chumas thionscal cosanta na hEorpa an táirgeadh a uas-scálú le solúbthacht fheabhsaithe agus ullmhacht cosanta a bhaint amach faoi 2030. Chuathas i gcomhairle le saineolaithe de chuid na mBallstát le linn an phróisis chun an rialachán leasaitheach seo a dhréachtú i gcomhréir leis an gComhaontú Idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le reachtóireacht níos fearr[1]. Sholáthair trí Bhallstát barúlacha luachmhara maidir le raon feidhme an tsainmhínithe, lena n-áirítear moltaí chun é a leathnú. Níor cuireadh na barúlacha sin san áireamh ar deireadh mar nach gcuirtear toirmeasc ar tháirgeadh agus ar fhorbairt arm den sórt sin leis na conarthaí ábhartha ach tagraítear iontu dá n-úsáid, agus dó sin amháin, nó tá siad gan dochar do cheart na stát núicléach a gclár díspreagtha a choinneáil (conradh maidir le neamhleathadh). Ina theannta sin, measadh go raibh fadhbanna ag baint le raon feidhme an tsainmhínithe a leathnú chuig airm nach bhfuil eisiata ar bhonn conartha, i bhfianaise an chuspóra sainmhíniú a sholáthar atá bunaithe go dlíthiúil. Meabhraíonn an Coimisiún go bhfuil an sainmhíniú sin ar íostairseach gan dochar do reachtaíocht náisiúnta na mBallstát lena dtoirmisctear airm áirithe, nach mór d'oibreoirí eacnamaíocha ar mian leo oibriú i ngach Ballstát a chomhlíonadh in aon chás.

[1] Comhaontú Idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr, (IO L 123, 12.5.2016, lgh. 1-14, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_interinstit/2016/512/oj)

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Is modhnú spriocdhírithe é an leasú sin ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1818 maidir le tagarmharcanna airgeadais inbhuanaithe lena n-úsáidtear ceanglais níos beaichte agus níos soiléire i ndáil le rialacha maidir le nochtaí um airgeadas inbhuanaithe le haghaidh cuideachtaí a bhfuil baint acu le hairm chonspóideacha. Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1818 forlíontar Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, de réir na cumhachta a thugtar in Airteagal 19(a).

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 3.11.2025**

**lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1818 a mhéid a bhaineann leis an sainmhíniú ar airm thoirmiscthe**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le hinnéacsanna a úsáidtear mar thagarmharcanna in ionstraimí airgeadais agus i gconarthaí airgeadais nó chun feidhmíocht cistí infheistíochta a thomhas agus lena leasaítear Treoracha 2008/48/CE agus 2014/17/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 596/2014[1], agus go háirithe Airteagal 19a(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Mar a léirítear sa Pháipéar Ban Comhpháirteach maidir le hUllmhacht Cosanta na hEorpa 2030[2], tá sé fíor-riachtanach borradh a chur faoin infheistíocht phoiblí san earnáil cosanta, ach ní leor sin. Ba cheart rochtain níos fearr a bheith ag gnóthais atá bunaithe san Aontas, lena n-áirítear fiontair bheaga agus mheánmhéide agus cuideachtaí meánchaipitlithe, ar chaipiteal, lena n-áirítear ionstraimí ráthaíochta chun infheistíochtaí a dhí-rioscú, chun a réitigh a thabhairt ar scála tionsclaíoch agus chun dlús a chur leis an mborradh tionsclaíoch atá de dhíth ar an Aontas. Cé gur léir go bhfuil an spéis atá ag an earnáil airgeadais sa chosaint ag méadú, tá an earnáil cosanta fós ina margadh nach ndéantar freastal ceart air mar gheall ar theorainneacha i mbeartais infheistíochta institiúidí airgeadais poiblí agus príobháideacha. Leagtar amach sa Pháipéar Ban Comhpháirteach pacáiste cosanta lena soláthraítear luamháin airgeadais do na Ballstáit chun borradh infheistíochta i gcumais chosanta a spreagadh. I measc phríomhchuspóirí an phlean tá an gnó a dhéanamh níos éasca agus an Margadh Aonair a dhoimhniú. An 6 Márta 2025, d'iarr an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún leanúint den obair go pras maidir leis an gcreat dlíthiúil agus riaracháin a shimpliú, a mhéid a bhaineann le soláthar poiblí, comhar na hearnála tionsclaíochta, ceanglais maidir le ceadanna a thabhairt agus maidir le tuairisciú, chun aghaidh a thabhairt ar na bacainní agus na scrogaill uile a chuireann bac ar bhorradh tapa a chur faoin tionscal cosanta, lena n-áirítear é sin a dhéanamh i gcás FBManna agus cuideachtaí meánchaipitlithe.

(2) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1818 ón gCoimisiún[3] bunaítear lipéid a bhaineann leis an aeráid le haghaidh tagarmharcanna lena gceanglaítear go ndéanfar gach

[1] IO L 171, 29.6.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/1011/oj.

[2] Páipéar Bán Comhpháirteach maidir le hUllmhacht Cosanta na hEorpa 2030: JOIN/2025/120 final, 19.03.2025

[3] Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1818 ón gCoimisiún an 17 Iúil 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le híoschaighdeáin i ndáil le Tagarmharcanna Aistrithe Aeráide AE agus Tagarmharcanna AE atá ailínithe le Comhaontú Pháras (IO L 406, 3.12.2020, lch. 17, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2020/1818/oj).

cuideachta a bhfuil baint aici le haon ghníomhaíocht a bhaineann le hairm chonspóideacha a eisiamh ó Thagarmharcanna atá ailínithe le Comhaontú Pháras agus ó Thagarmharcanna Aistrithe Aeráide AE. Mar sin féin, fágann an sainmhíniú ar airm chonspóideacha sa Rialachán Tarmligthe sin go mbíonn an iomarca éiginnteachta ann agus go mbíonn mearbhall ar riarthóirí dá dtagraítear i Rialachán (AE) 2016/1011, rud as a n-eascraíonn mearbhall agus ba cheart é a shoiléiriú agus a shimpliú, go háirithe toisc nach ndéantar tagairt sna conarthaí agus coinbhinsiúin idirnáisiúnta ábhartha a bhfuil na Ballstáit ina bpáirtithe iontu d'airm chonspóideacha ach d'airm thoirmiscthe.

(3) Is gá, dá bhrí sin, an sainmhíniú ar airm chonspóideacha i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1818 a leasú agus sainmhíniú ar 'airm thoirmiscthe' a chur ina ionad chun deimhneacht dhlíthiúil agus comhsheasmhacht ar fud an leabhair rialacha maidir le hairgeadas inbhuanaithe agus cleachtais chomhchuibhithe riarthóirí tagarmharcanna a áirithiú. Is féidir é sin a dhéanamh agus leibhéal sábháilte eisiaimh á choinneáil i gcomhréir le cuspóir Rialachán (AE) 2016/1011.

(4) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1818 a leasú dá réir sin.

(5) D'fhéadfadh éifeachtaí a bhfuil údar leo ar idirbhearta cistí a bhraitheann ar na hinnéacsanna sin atá bunaithe ar Thagarmharcanna atá ailínithe le Comhaontú Pháras agus ar Thagarmharcanna Aistrithe Aeráide AE eascairt as cur chun feidhme an Rialacháin seo. Chun suaitheadh sa mhargadh a sheachaint, is iomchuí a ndóthain ama a thabhairt do thagarmharcanna atá ann cheana chun oiriúnú do na hathruithe sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Rialachán (AE) 2020/1818 mar a leanas:

(1) leasaítear Airteagal 12(1) mar seo a leanas:

(a) sa chéad fhomhír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

'(a) cuideachtaí atá bainteach in aon ghníomhaíocht atá bainteach le hairm thoirmiscthe;';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

'Chun críocha phointe (a), ciallóidh airm thoirmiscthe mianaigh frithphearsanra, cnuasmhuinisin, airm bhitheolaíocha agus cheimiceacha, a bhfuil toirmeasc ar a n-úsáid, a sealbhú, a bhforbairt, a n-aistriú, a monarú, agus a stoc-charnadh de réir na gcoinbhinsiúin idirnáisiúnta maidir le hairm a bhfuil tromlach na mBallstát ina bpáirtithe iontu, mar a liostaítear san Iarscríbhinn.';

(2) cuirtear Iarscríbhinn isteach i gcomhréir leis an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. .

Beidh feidhm aige ón [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach lá an fhoilsithe + 6 mhí] maidir le tagarmharcanna atá ann cheana agus a údaraíodh roimh dháta a theacht i bhfeidhm.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 3.11.2025

*Thar ceann an Choimisiúin*
*Thar ceann an Uachtaráin*
*Andrius KUBILIUS*
*Comhalta den Choimisiún*